2026/2458

30.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2458 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Deireadh Fómhair 2026

maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena leagtar amach an uasteorainn le haghaidh 2028, an méid bliantúil le haghaidh 2027, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2027 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh 2029 agus 2030

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad le chéile i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(2), i gcomhar le hAirteagal 14(3), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 ([2]), agus go háirithe Airteagal 19(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 1 den Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, bunaítear an treoir ranníoca a bheidh le híoc ag gach páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF).

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) le meastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(3) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Coimisiún le togra a thíolacadh faoin 15 Deireadh Fómhair 2026 lena sonrófar uasteorainn na ranníocaíochta le haghaidh 2028, méid bliantúil na ranníocaíochta le haghaidh 2027, méid na chéad tráthchoda den ranníocaíocht le haghaidh 2027 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh 2029 agus 2030.

(4) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, le glaonna ar ranníocaíochtaí, ídeofar ar dtús na méideanna dá bhforáiltear i CEFanna roimhe seo. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar chistí de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 le haghaidh an Choimisiúin agus le haghaidh BEI a dhéanamh.

(5) De bhun Airteagal 152 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([3]) (‘an Comhaontú um Tharraingt Siar’), tá Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (‘an Ríocht Aontaithe’) chun leanúint de bheith ina páirtí in CEF go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh. Mar sin féin, de bhun Airteagal 153 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, níl sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 11ú CEF, i gcás ina ndearnadh na cistí sin a shaoradh tar éis an 31 Nollaig 2020, nó faoi CEFanna roimhe sin, le hathúsáid.

([1]) IO L 210, 6.8.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/tfeu_2016/oj.
([2]) IO L 307, 3.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1877/oj.
([3]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign.

(6) Le Cinneadh (AE) 2025/2324 ón gComhairle ([4]), socraítear uasteorainn mhéid bliantúil na ranníocaíochta a bheidh le híoc ag na páirtithe in CEF le haghaidh 2027 ag EUR 460 000 000 i gcás an Choimisiúin amháin ós rud é gur ghlaoigh BEI a sciar le haghaidh an 11ú CEF in 2025.

(7) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Uasteorainn mhéid bliantúil na ranníocaíochtaí a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) le haghaidh 2028, socraítear leis seo í ag EUR 400 000 000 i gcás an Choimisiúin.

Airteagal 2

Méid bliantúil na ranníocaíochtaí a bheidh le híoc ag na páirtithe in CEF le haghaidh 2027, socraítear leis seo é ag EUR 460 000 000 i gcás an Choimisiúin.

Airteagal 3

Méid bliantúil na ranníocaíochtaí a bheidh le híoc ag na páirtithe in CEF mar an chéad tráthchuid le haghaidh 2027, socraítear leis seo é ag EUR 200 000 000.

Airteagal 4

Déanfar méid EUR 1 500 000 de chistí nár gealladh nó de chistí saortha ó thionscadail faoin 9ú CEF a aisíoc trí laghdú a dhéanamh ar mhéid na híocaíochta in aghaidh na chéad tráthchoda le haghaidh 2027 a leagtar amach in Airteagal 3.

Airteagal 5

Maidir leis an réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis an méid bliantúil a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí a dhéanfar le haghaidh 2029, socraítear leis seo í ag EUR 300 000 000 i gcás an Choimisiúin. Maidir leis an réamhaisnéis tháscach, neamhcheangailteach i dtaca leis an méid bliantúil a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí a dhéanfar le haghaidh 2030, socraítear leis seo í ag EUR 250 000 000 i gcás an Choimisiúin.

Airteagal 6

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 29 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

([4]) Cinneadh (AE) 2025/2324 ón gComhairle an 13 Samhain 2025 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena leagtar amach uasteorainn mhéid bliantúil na ranníocaíochta le haghaidh 2027, méid bliantúil na ranníocaíochta le haghaidh 2026, méid na chéad tráthchoda den ranníocaíocht le haghaidh 2026 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh 2028 agus 2029 (IO L, 2025/2324, 14.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2324/oj).

IARSCRÍBHINN

An chéad tráthchuid de Ranníocaíochtaí CEF le haghaidh 2027 (EUR) leis an gCoimisiún [1]

	NA BALLSTÁIT & RA	Treoir 9ú CEF (%)	Treoir 11ú CEF (%)	Ranníocaíocht an 11ú CEF	Aisíocaíocht ón 9ú CEF	11ú CEF lúide Aisíocaíocht 9ú CEF
1	AN BHEILG	3,92	3,24927	6 498 540	58 800	6 439 740
2	AN BHULGÁIR		0,21853	437 060	0	437 060
3	AN tSEICIA		0,79745	1 594 900	0	1 594 900
4	AN DANMHAIRG	2,14	1,98045	3 960 900	32 100	3 928 800
5	AN GHEARMÁIN	23,36	20,57980	41 159 600	350 400	40 809 200
6	AN EASTÓIN		0,08635	172 700	0	172 700
7	ÉIRE	0,62	0,94006	1 880 120	9 300	1 870 820
8	AN GHRÉIG	1,25	1,50735	3 014 700	18 750	2 995 950
9	AN SPÁINN	5,84	7,93248	15 864 960	87 600	15 777 360
10	AN FHRAINC	24,30	17,81269	35 625 380	364 500	35 260 880
11	AN CHRÓIT		0,22518	450 360	0	450 360
12	AN IODÁIL	12,54	12,53009	25 060 180	188 100	24 872 080
13	AN CHIPIR		0,11162	223 240	0	223 240
14	AN LAITVIA		0,11612	232 240	0	232 240
15	AN LIOTUÁIN		0,18077	361 540	0	361 540
16	LUCSAMBURG	0,29	0,25509	510 180	4 350	505 830
17	AN UNGÁIR		0,61456	1 229 120	0	1 229 120
18	MÁLTA		0,03801	76 020	0	76 020
19	AN ÍSILTÍR	5,22	4,77678	9 553 560	78 300	9 475 260
20	AN OSTAIR	2,65	2,39757	4 795 140	39 750	4 755 390
21	AN PHOLAINN		2,00734	4 014 680	0	4 014 680

[1] Ghlaoigh BEI a sciar uile den 11ú CEF in 2025

	NA BALLSTÁIT & RA	Treoir 9ú CEF (%)	Treoir 11ú CEF (%)	Ranníocaíocht an 11ú CEF	Aisíocaíocht ón 9ú CEF	11ú CEF lúide Aisíocaíocht 9ú CEF
22	AN PHORTAINGÉIL	0,97	1,19679	2 393 580	14 550	2 379 030
23	AN RÓMÁIN		0,71815	1 436 300	0	1 436 300
24	AN tSLÓIVÉIN		0,22452	449 040	0	449 040
25	AN tSLÓVAIC		0,37616	752 320	0	752 320
26	AN FHIONLAINN	1,48	1,50909	3 018 180	22 200	2 995 980
27	AN tSUALAINN	2,73	2,93911	5 878 220	40 950	5 837 270
28	AN RÍOCHT AONTAITHE	12,69	14,67862	29 357 240	190 350	29 166 890
	IOMLÁN AE-27 & RA	100,00	100,00	200 000 000	1 500 000	198 500 000